



C/2024/4151

4.7.2024

MIONTUAIRISCÍ AN 10 IÚIL 2023

(C/2024/4151)

PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2023-2024

Suíonna ón 10 go dtí an 13 Iúil 2023

STRASBOURG

Clár	Leathanach
1. Athchromadh ar an seisiún	3
2. Oscailt an tsuí	3
3. Ráitis ón Uachtarán	3
4. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin	3
5. Comhdhéanamh na Parlaiminte	3
6. Fíorú na ndintiúr	4
7. Iarraidh ar dhíolúine a tharscaoileadh	4
8. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí	4
9. An chaibidlíocht roimh an gcéad léamh sa Pharlaimint (Riail 71)	4
10. Gníomhartha glactha a shíniú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (Riail 79)	5
11. Ceartúchán (Riail 241)	5
12. Togra le haghaidh gníomhartha de chuid an Aontais	6

Clár	Leathanach
13. Ord gnó	6
14. Athchromadh ar an suí	6
15. An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ***I — Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ***I — Imscaradh bonneagair breoslaí malartacha ***I — Breoslaí muirí inbhuanaithe (an Tionscnamh 'FuelEU Maritime') ***I — Eifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) ***I (Diospóireacht chomhpháirteach — Oiriúnach do 55 agus Astaíochtaí Tionsclaíocha)	7
16. Iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ***I (díospóireacht)	8
17. Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Sábháil Cosmaidí Neamhchruálacha — Tabhair gealltanais go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe' (díospóireacht)	9
18. Bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe sa limistéar a chumhdaítear i gComhaontú lascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) ***I (díospóireacht)	9
19. Oibrithe a chosaint ar theas foirneach agus ar fheiniméin adhaimsire eile a eascraíonn as an ngéarchéim aeráide (díospóireacht)	10
20. Clásail 'passarelle' i gConarthaí AE a chur chun feidhme (tíolacadh gairid)	10
21. An tAontas Baincéireachta — tuarascáil bhliantúil 2022 (tíolacadh gairid)	10
22. Gairmoiliúint a chothú agus a oiriúnú mar uirlis chun go n-éireoidh le fostaithe agus mar bhloc tógála do gheilleagar an Aontais sa tionscal nua 4.0 (tíolacadh gairid)	11
23. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo	11
24. Clár oibre an chéad suí eile	11
25. Formheas mhiontuairiscí an tsuí	11
26. Críoch an tsuí	12
LIOSTA NA nDOICIMÉAD ARB IAD IS BONN DO DHÍOSPÓIREACHTAÍ AGUS DO CHINNTÍ NA PARLAIMINTE	13
1. Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú (Riail 237)	13
2. Doiciméid a fuarthas	13
CLÁR TINRIMH	18
IARSCRÍBHINN	
TORTHAÍ NA VÓTÁLA LE GLAOCH ROLLA	20
1. Clár Oibre na Céadaoine — Iarraidh ón nGrúpa ID	20

MIONTUAIRISCÍ AN 10 IÚIL 2023

SA CHATHAOIR: Roberta METSOLA

Uachtarán

1. Athchromadh ar an seisiún

Athchromadh ar an seisiún a cuireadh ar atráth Déardaoin an 15 Meitheamh 2023.

2. Oscailt an tsuí

Osclaíodh an suí ar 17.00.

3. Ráitis ón Uachtarán

Rinne an tUachtarán ráiteas maidir leis an gcúig chéad lá ó cuireadh tús le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus leag sé béim ar thacaíocht agus dlúthpháirtíocht leanúnach na Parlaiminte leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine.

Mheabhraigh an tUachtarán freisin coinneáil neamhdhleathach an iriseora ón Wall Street Journal, Evan Gershkovich, sa Rúis le céad lá anuas, agus d'iarr sí an athuair go scaoilfí saor láithreach é. Thagair sí freisin do na trí chéad seachtain ó dúnmharaíodh an t-iriseoir Máltach, Daphne Caruana Galizia, agus d'athdhearbhaigh sí tiomantas na Parlaiminte ceartas a bhaint amach ina leith.

Thug an tUachtarán a ráiteas chun críche trí dhlúthpháirtíocht na Parlaiminte leis an bpobal LGBTIQ a chur in iúl tar éis cur isteach foréigneach a tharla ag an mórshiúl Pride a bhí ar siúl Dé Sathairn seo caite in Tbilisi, an tSeoirsia.

4. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin

Glacadh le miontuairiscí an tsuí roimhe sin.

5. Comhdhéanamh na Parlaiminte

D'éirigh Álvaro Amaro as oifig mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa le héifeacht ón 7 Iúil 2023.

D'éirigh Peter van Dalen as oifig mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa le héifeacht ón 4 Meán Fómhair 2023.

Mheas Coiste JURI go raibh éirí as oifig na bhFeisirí sin i gcomhréir le hIonstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach.

I gcomhréir le Riail 4 de na Rialacha Nós Imeachta, bhunódh an Pharlaimint na folúntais le héifeacht ón 7 Iúil 2023 agus ón 4 Meán Fómhair 2023 faoi seach agus cuirfeadh sí na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas faoi sin.

* * *

Thug údaráis inniúla na Gearmáine fógra gur toghadh Thomas Rudner le dul in ionad Ismail Ertug mar Fheisire Parlaiminte, le héifeacht ón 3 Iúil 2023.

Thug údaráis inniúla na Portaingéile fógra gur toghadh Carlos Coelho le dul in ionad Álvaro Amaro mar Fheisire Parlaiminte, le héifeacht ón 7 Iúil 2023.

Thug an Pharlaimint a dtoghadh dá haire.

Faoi Riail 3(2), go dtí go raibh a gcuid dintiúir fíoraithe nó go dtí go raibh rialú tugtha ar aon díospóid, agus ar choinníoll go ndearna siad dearbhú i scríbhinn roimhe sin á rá nach raibh siad i seilbh aon oifige atá ar neamhréir le hoifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa, thógfadh Thomas Rudner agus Carlos Coelho a gcuid suíochán sa Pharlaimint agus ar a cuid comhlachtaí, agus na cearta go léir a ghabhann leis sin a theachtadh.

6. Fíorú na ndintiúir

Ar bhonn an togra d'aon toil ó Choiste JURI ag a chruinniú an 27 Meitheamh 2023, rinne an Pharlaimint dintiúir Nikos Papandreou a fhíorú faoi Riail 3(4) agus dhearbhaigh sí a shainordú le héifeacht ón 3 Bealtaine 2023.

7. Iarraidh ar dhíolúine a tharscaoileadh

D'iarr údaráis inniúla na Gréige ar an Uachtarán díolúine Georgios Kyrtos a tharscaoileadh i dtaca le himeachtaí coiriúla atá ar feitheamh sa Ghréig

De bhun Riail 9(1), rinneadh an iarraidh a tharchur chuig an gcoiste freagrach, an Coiste JURI.

8. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí

Bhí an tUachtarán curtha ar an eolas ag an ngrúpa S&D agus an grúpa The Left maidir leis na cinntí seo a leanas lena n-athraítear comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí:

- Coiste AFET: Alessandra Moretti in ionad Giuliano Pisapia
- Coiste TRAN: Thomas Rudner
- an Toscaireacht chun an Choiste Parlaimintigh Comhlachais idir AE agus an Úcráin: Anja Hazekamp, nach raibh ina Fheisire a thuilleadh
- an Toscaireacht don chaidreamh le Daon-Phoblacht na Síne: Thomas Rudner
- an Toscaireacht chun an Tionóil Parlaimintigh idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach: Daniela Rondinelli
- an Toscaireacht chuig Tionól Parlaiminteach Euronest: Anja Hazekamp, nach raibh ina Fheisire a thuilleadh

Tháinig na cinntí i bhfeidhm amhail ón lá sin.

9. An chaibidlíocht roimh an gcéad léamh sa Pharlaimint (Riail 71)

Tá cinneadh déanta ag na coistí freagracha dul i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 71 ar bhonn na tuarascála seo a leanas:

- Coistí LIBE, FEMM — Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (COM(2022)0105 — C9-0058/2022 — 2022/0066(COD))
 - Rapóirtéirí: Evin Incir, Frances Fitzgerald (A9-0234/2023);

- Coiste ECON — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 agus Rialachán (AE) 2021/1230 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (COM(2022)0546 — C9-0362/2022 — 2022/0341(COD)) — Rapóirtéir: Michiel Hoogeveen (A9-0230/2023);
- Coiste LIBE — Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais (COM(2022)0684 — C9-0401/2022 — 2022/0398(COD)) — Rapóirtéir: Sophia in 't Veld (A9-0235/2023).

I gcomhréir le Riail 71(2), d'fhéadfaí iarrataí ar vótáil a dhéanamh ar na cinntí a chur isteach go dtí meán oíche den lá dár gcionn, 11 Iúil 2023.

Féadfar tús a chur leis an gcaibidlíocht tráth ar bith tar éis dhul in éag na teorann ama i gcás nach ndearnadh aon iarraidh ar vótáil maidir leis an gcinneadh dul i mbun caibidlíochta.

10. Gníomhartha glactha a shíniú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (Riail 79)

Ó atráth sheisiún an 15 Meitheamh 2023, shínigh Uachtarán na Parlaiminte, in éineacht le hUachtarán na Comhairle, an gníomh seo a leanas a glacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach:

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 (00016/2023/LEX — C9-0212/2023 — 2022/0009(COD)).

Shíneadh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an 12 Iúil 2023, in éineacht le hUachtarán na Comhairle, na gníomhartha seo a leanas a glacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach:

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le bunaíochtaí ainmnithe a ainmniú agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise leictreonach a bhailiú in imeachtaí coiriúla (00003/2023/LEX — C9-0243/2023 — 2018/0107(COD));
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus chun pianbheirtheanna coimeáda a fhorghníomhú tar éis imeachtaí coiriúla (00004/2023/LEX — C9-0244/2023 — 2018/0108(COD));
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (00002/2023/LEX — C9-0224/2023 — 2020/0353(COD));
- Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Macadóine Thuaidh (00023/2023/LEX — C9-0245/2023 — 2023/0034(COD)).

11. Ceartúchán (Riail 241)

Chuir an coiste freagrach an ceartúchán seo a leanas ar théacs arna ghlacadh ag an bParlaimint ar aghaidh:

- Coiste AGRI — Ceartúchán P9_TA(2021)0458(COR01) ar Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografach ar tháirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262) — (seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 23 Samhain 2021 chun go nglacfaí Rialachán P9_TA(2021)0458 (COM(2018)0394 — C8-0246/2018 — 2018/0218(COD))).

Mheasfaí an ceartúchán seo a bheith formheasta mura rud é go ndearnadh iarraidh ar vótáil laistigh de 24 uair an chloig, i gcomhréir le Riail 241(4)d.

12. Togra le haghaidh gníomhartha de chuid an Aontais

D'fhógair an tUachtarán gur dhearbhaigh sí go raibh na tograí seo a leanas le haghaidh gníomhartha de chuid an Aontais inghlactha de bhun Riail 47(2):

- Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais arna thíolacadh ag Ivan Vilibor Sinčić, Christine Anderson, Francesca Donato, Stasys Jakeliūnas, Mislav Kolakušić agus Cristian Terheş, maidir le húdarás neamhspleách a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar fho-iarsmaí vacsaíní COVID-19 (B9-0261/2023)

coiste freagrach: ENVI;

- Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais arna thíolacadh ag Jorge Buxadé Villalba, Hermann Tertsch, Margarita de la Pisa Carrión agus Ryszard Antoni Legutko, maidir leis an ngá atá le reachtaíocht an Aontais a leasú chun an cás achrannach a bhaineann le feirmeacha beostoic i ndáil leis an eitinn bólachta a réiteach (B9-0299/2023)

coiste freagrach: AGRI

coiste ar iarradh tuairim air: ENVI.

13. Ord gnó

Cuireadh ar fáil d'Fheisirí an dréachtchlár oibre críochnaitheach do shuíonna mhí Iúil, 2023 (PE 751.220/PDOJ) i gcomhréir le Riail 157(3).

*
* *

Labhair François Alfonsi.

Na leasuithe atá beartaithe ar an dréachtchlár oibre críochnaitheach de bhun Riail 158(1)

Dé Céadaoin

Iarraidh ón nGrúpa ID n-áireofaí mar an seachtú mír ar chlár oibre na hiarnóna ráiteas ón gCoimisiún maidir le “An cur faoi chois leanúnach ar an bhfreasúra daonlathach sa Ghearmáin, go háirithe na barúlacha ó Uachtarán Oifig Cónaidhme um Chosaint an Bhunreacht” (gan tairiscintí i gcomhair rún a chur síos). Mar thoradh air sin, cuirfear síneadh leis an suí go dtí 11pm.

Is í Christine Anderson, thar ceann an Ghrúpa ID, a rinne an iarraidh.

Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarraidh trí vótáil le glaoch rolla (32 i bhfabhar, 306 i gcoinne, 13 staonadh).

Bunaíodh an t-ord gnó dá bhrí sin.

(Cuireadh an suí ar fionraí ar feadh cúpla nóiméad.)

SA CHATHAOIR: Katarina BARLEY

Leas-Uachtarán

14. Athchromadh ar an suí

Athchromadh ar an suí ar 17.14.

15. An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha *I — Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ***I — Imscaradh bonneagair breoslaí malartacha ***I — Breoslaí muirí inbhuanaithe (an Tionscnamh 'FuelEU Maritime') ***I — Éifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) ***I (Díospóireacht chomhpháirteach — Oiriúnach do 55 agus Astaíochtaí Tionsclaíocha)**

Tuarascáil ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl [COM(2022)0156 — C9-0144/2022 — 2022/0104(COD)] — An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia. Rapóirtéir: Radan Kanev (A9-0216/2023)

Tuarascáil ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha [COM(2022)0157 — C9-0145/2022 — 2022/0105(COD)] — An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia. Rapóirtéir: Radan Kanev (A9-0211/2023)

Tuarascáil ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [COM(2021)0559 — C9-0331/2021 — 2021/0223(COD)] — An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht. Rapóirtéir: Petar Vitanov (A9-0234/2022)

Tharla díospóireachta tosaigh an 17 Deireadh Fómhair 2022 (*ítim 14 de mhiontuairiscí an 17.10.2022*).

Bhí vótáil thosaigh déanta ar an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus bhí an t-ábhar tarchurtha ar ais chuig an gcoiste freagrach, i gcomhréir le Riail 59(4) (*ítim 7.5 de mhiontuairiscí an 19.10.2022*).

Tuarascáil ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE [COM(2021)0562 — C9-0333/2021 — 2021/0210(COD)] — An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht. Rapóirtéir: Jörgen Warborn (A9-0233/2022)

Tharla díospóireachta tosaigh an 17 Deireadh Fómhair 2022 (*ítim 14 de mhiontuairiscí an 17.10.2022*).

Bhí vótáil thosaigh déanta ar an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus bhí an t-ábhar tarchurtha ar ais chuig an gcoiste freagrach, i gcomhréir le Riail 59(4) (*ítim 7.4 de mhiontuairiscí an 19.10.2022*).

Tuarascáil ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) [COM(2021)0558 — C9-0330/2021 — 2021/0203(COD)] — An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh. Rapóirtéir: Niels Fuglsang (A9-0221/2022)

Tharla díospóireachta tosaigh an 12 Meán Fómhair 2022 (*ítim 17 de mhiontuairiscí an 12.9.2022*).

Bhí vótáil thosaigh déanta ar an 14 Meán Fómhair 2022 agus bhí an t-ábhar tarchurtha ar ais chuig an gcoiste freagrach, i gcomhréir le Riail 59(4) (*ítim 5.1 de mhiontuairiscí an 14.9.2022*).

Radan Kanev, Petar Vitanov, Jörgen Warborn agus Niels Fuglsang a chuir na tuarascálacha i láthair.

Labhair na daoine seo a leanas: Tiemo Wölken (rapóirtéir don tuairim ó Choiste ENVI), Rasmus Andresen (rapóirtéir don tuairim ó Choiste ITRE) agus Benoît Lutgen (rapóirtéir don tuairim ó Choiste AGRI).

Labhair Adina-Ioana Vălean (comhalta den Choimisiún).

Labhair na daoine seo a leanas: Alexandr Vondra (rapóirtéir don tuairim ó Choiste ENVI), Bas Eickhout (rapóirtéir don tuairim ó Choiste ENVI), Michael Bloss (rapóirtéir don tuairim ó Choiste ITRE), Tom Berendsen (rapóirtéir don tuairim ó Choiste TRAN), Niklas Nienäb (rapóirtéir don tuairim ó Choiste REGI), Alice Kuhnke (rapóirtéir don tuairim ó Choiste FEMM), Sara Skytvedal (rapóirtéir don tuairim ó Choiste ITRE), Jens Gieseke, thar ceann an Ghrúpa PPE, Mohammed Chahim, thar ceann an Ghrúpa S&D, Michal Wiezik, thar ceann an Ghrúpa Renew, Jutta Paulus, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Carlo Fidanza, thar ceann an Ghrúpa ECR, Marie Dauchy, thar ceann an Ghrúpa ID, Marisa Matias, thar ceann an Ghrúpa The Left, Pernille Weiss, Vera Tax, Anna Deparnay-Grundenberg, Grzegorz Tobiszowski, Anders Vistisen, Elena Kountoura, Miroslav Radačovský, Peter Liese, Alex Agius Saliba, a thug freagra, thairis sin, ar óráid cárta ghoirm ó Bogdan Rzońca, Elsi Katainen, Johan Nissinen, Danilo Oscar Lancini, Sandra Pereira, Christian Ehler, Thomas Rudner, Nicola Danti, Jadwiga Wiśniewska, João Pimenta Lopes, Jerzy Buzek, Nicolás González Casares, Iskra Mihaylova, Herbert Dorfmann, Paolo De Castro, Jérémy Decerle agus Maria Spyra.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Cristian-Silviu Buşoi, Isabel García Muñoz, Clare Daly, Ljudmila Novak, Mick Wallace agus Henna Virkkunen.

Labhair Adina-Ioana Vălean.

Labhair na daoine seo a leanas: Radan Kanev agus Petar Vitanov.

SA CHATHAOIR: Othmar KARAS

Leas-Uachtarán

Labhair na daoine seo a leanas: Jörgen Warborn agus Niels Fuglsang.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: an ítim 8.10 de mhiontuairiscí an 11.7.2023, ítim 8.11 de mhiontuairiscí an 11.7.2023, ítim 8.12 de mhiontuairiscí an 11.7.2023, ítim 8.13 de mhiontuairiscí an 11.7.2023 agus ítim 8.14 de mhiontuairiscí an 11.7.2023.

16. Iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach *I (díospóireacht)**

Tuarascáil ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí') [COM(2022)0177 — C9-0161/2022 — 2022/0117(COD)] — An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla. Rapóirtéir: Tiemo Wölken (A9-0223/2023)

Tiemo Wölken a chuir an tuarascáil i láthair.

Labhair Ramona Strugariu (rapóirtéir don tuairim ó Choiste LIBE).

Labhair Věra Jourová (Leas-Uachtarán an Choimisiúin).

Labhair na daoine seo a leanas: Magdalena Adamowicz, thar ceann an Ghrúpa PPE, Ibán García Del Blanco, thar ceann an Ghrúpa S&D, Ilana Cicurel, thar ceann an Ghrúpa Renew, Diana Riba i Giner, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Cristian Terheş, thar ceann an Ghrúpa ECR, Gilles Lebreton, thar ceann an Ghrúpa ID, Manon Aubry, thar ceann an Ghrúpa The Left, Sabrina Pignedoli, Feisire neamhcheangailte, David Casa, Sylvie Guillaume, Irena Joveva, Saskia Bricmont, Ernő Schaller-Baross, Isabel Wiseler-Lima, Łukasz Kohut, Hannah Neumann, Tatjana Ždanoka, Antonius Manders, Katarina Barley, Marc Tarabella.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Juan Fernando López Aguilar, Clare Daly, Cyrus Engerer agus Mick Wallace.

Labhair na daoine seo a leanas: Věra Jourová agus Tiemo Wölken.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: an ítim 8.18 de mhiontuairiscí an 11.7.2023.

17. Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Sábháil Cosmaidí Neamhchruálacha — Tabhair gealltanais go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe' (díospóireacht)

Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Sábháil Cosmaidí Neamhchruálacha — Tabhair gealltanais go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe' (2023/2679(RSP) (article 222, paragraphe 8, du règlement)

Rinne Maria Spyrali, thar ceann Choiste ENVI, Mazaly Aguilar, thar ceann Choiste AGRI, agus Ana Miranda, thar ceann Choiste PETI an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur i láthair.

SA CHATHAOIR: Heidi HAUTALA

Leas-Uachtarán

Labhair Věra Jourová (Leas-Uachtarán an Choimisiúin).

Labhair na daoine seo a leanas: Marlene Mortler, thar ceann an Ghrúpa PPE, Niels Fuglsang, thar ceann an Ghrúpa S&D, Izaskun Bilbao Barandica, thar ceann an Ghrúpa Renew, Tilly Metz, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Elżbieta Kruk, thar ceann an Ghrúpa ECR, Annika Bruna, thar ceann an Ghrúpa ID, Sunčana Glavak agus Beatrice Covassi.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Stanislav Polčák, Caroline Roose, Mick Wallace agus Clare Daly.

Labhair Věra Jourová.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

18. Bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe sa limistéar a chumhdaítear i gComhaontú lascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) *I (díospóireacht)**

Tuarascáil ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú lascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) [COM(2022)0563 — C9-0370/2022 — 2022/0348(COD)] — An Coiste um Iascach. Rapóirtéir: João Pimenta Lopes (A9-0192/2023)

João Pimenta Lopes a chuir an tuarascáil i láthair.

Labhair Věra Jourová (Leas-Uachtarán an Choimisiúin).

Labhair na daoine seo a leanas: Cláudia Monteiro de Aguiar, thar ceann an Ghrúpa PPE, Isabel Carvalhais, thar ceann an Ghrúpa S&D, Izaskun Bilbao Barandica, thar ceann an Ghrúpa Renew, France Jamet, thar ceann an Ghrúpa ID, agus Gabriel Mato.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Mick Wallace.

Labhair na daoine seo a leanas: Věra Jourová agus João Pimenta Lopes.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: an *ítim 8.16 de mhiontuairiscí an 11.7.2023*.

19. Oibrithe a chosaint ar theas foircneach agus ar fheiniméin adhaimsire eile a eascraíonn as an ngéarchéim aeráide (díospóireacht)

Ráiteas ón gCoimisiún: Oibrithe a chosaint ar theas foircneach agus ar fheiniméin adhaimsire eile a eascraíonn as an ngéarchéim aeráide (2023/2788(RSP))

Nicolas Schmit (comhalta den Choimisiún) a rinne an ráiteas.

Labhair na daoine seo a leanas: Helmut Geuking, thar ceann an Ghrúpa PPE, Elisabetta Gualmini, thar ceann an Ghrúpa S&D, Marie-Pierre Vedrenne, thar ceann an Ghrúpa Renew, Rosa D'Amato, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Mathilde Androuët, thar ceann an Ghrúpa ID, Eugenia Rodríguez Palop, thar ceann an Ghrúpa The Left, agus Lefteris Nikolaou-Alavanos, Feisire neamhcheangailte.

Labhair Nicolas Schmit.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

20. Clásail 'passarelle' i gConarthaí AE a chur chun feidhme (tíolacadh gairid)

Tuarascáil maidir le cur chun feidhme na gclásal *passerelle* i gConarthaí an Aontais [2022/2142(INI)] — An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla. Rapóirtéir: Giuliano Pisapia (A9-0208/2023)

Giuliano Pisapia a rinne an cur i láthair.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Juan Fernando López Aguilar.

Labhair Nicolas Schmit (comhalta den Choimisiún).

Tugadh an ítim chun críche.

Vótáil: an *ítim 8.20 de mhiontuairiscí an 11.7.2023*.

21. An tAontas Baincéireachta — tuarascáil bhliantúil 2022 (tíolacadh gairid)

Tuarascáil ar an Aontas Baincéireachta — tuarascáil bhliantúil 2022 [2022/2061(INI)] — An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta. Rapóirtéir: Kira Marie Peter-Hansen (A9-0177/2023)

Kira Marie Peter-Hansen a rinne an cur i láthair.

SA CHATHAOIR: Nicola BEER

Leas-Uachtarán

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Billy Kelleher.

Labhair Mairead McGuinness (comhalta den Choimisiún).

Tugadh an ítim chun críche.

Vótáil: an ítim 21 de mhiontuairiscí an 11.7.2023.

22. Gairmoiliúint a chothú agus a oiriúnú mar uirlis chun go n-éireoidh le fostaithe agus mar bhloc tógála do gheilleagar an Aontais sa tionscal nua 4.0 (tíolacadh gairid)

Tuarascáil maidir le gairmoiliúint a chothú agus a oiriúnú mar uirlis chun go n-éireoidh le fostaithe agus mar bhloc tógála do gheilleagar an Aontais sa tionscal nua 4.0 [2022/2207(INI)] — An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta. Rapóirtéir: Anna Zalewska (A9-0232/2023)

Anna Zalewska a rinne an cur i láthair.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Stanislav Polčák, Ilana Cicurel agus Sandra Pereira.

Labhair Nicolas Schmit (comhalta den Choimisiún).

Tugadh an ítim chun críche.

Vótáil: an ítim 8.22 de mhiontuairiscí an 11.7.2023.

23. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo

I gcomhréir le Riail 172, labhair na Feisirí seo a leanas ar mhian leo aird na Parlaiminte a tharraingt ar ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo, ar feadh aon nóiméad amháin:

Michaela Šojdrová, Sara Cerdas, Izaskun Bilbao Barandica, Ana Miranda, Margarita de la Pisa Carrión, Marie Dauchy, João Pimenta Lopes, Tatjana Ždanoka, Stanislav Polčák, Delara Burkhardt, Billy Kelleher, Grace O'Sullivan, Johan Nissinen, Gianantonio Da Re, Sandra Pereira, René Repasi, Katalin Cseh, Hannah Neumann, Michiel Hoogeveen, Gilles Lebreton, Manon Aubry, Victor Negrescu, Nicolae Ștefănuță, Carmen Avram, Cristian Terheș agus Lara Wolters.

24. Clár oibre an chéad suí eile

Rinneadh clár oibre shuí an lae dár gcionn a bhunú ("Clár Oibre" PE 751.220/OJ).

25. Formheas mhiontuairiscí an tsuí

I gcomhréir le Riail 202 (3), chuirfí miontuairiscí an tsuí faoi bhráid na Parlaiminte lena bhformheas ag tús iarnóin an chéad suí eile.

26. Críoch an tsuí

Críochnaíodh an suí ar 22.33.

Alessandro Chiocchetti
Ard-Rúnaí

Katarina Barley
Leas-Uachtarán

LIOSTA NA nDOICIMÉAD ARB IAD IS BONN DO DHÍOSPÓIREACHTAÍ AGUS DO CHINNTÍ NA PARLAIMINTE

1. Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú (Riail 237)

Coiste AFCO

- Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte d'fhonn ionracas, neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú (2023/2095(REG))

2. Doiciméid a fuarthas

Fuarthas na doiciméid seo a leanas:

1) ó institiúidí eile

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme árachais taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann agus trédhearcacht (COM(2023)0228 — C9-0133/2023 — 2023/0115(COD))

I gcomhréir le hAirteagal 282(5) den Chonradh, rachadh an tUachtarán i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an togra seo.

tarchurtha freagrach: ECON
tuairim: IMCO, JURI

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú (COM(2023)0227 — C9-0135/2023 — 2023/0112(COD))

I gcomhréir le Riail 145(1), rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo.

I gcomhréir le hAirteagal 282(5) den Chonradh, rachadh an tUachtarán i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an togra seo.

tarchurtha freagrach: ECON
tuairim: BUDG, JURI

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú (COM(2023)0226 — C9-0139/2023 — 2023/0111(COD))

I gcomhréir le Riail 145(1), rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo.

I gcomhréir le hAirteagal 282(5) den Chonradh, rachadh an tUachtarán i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an togra seo.

tarchurtha freagrach: ECON
tuairim: JURI

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a nuachóiriú (COM(2023)0278 — C9-0180/2023 — 2023/0166(COD))

I gcomhréir le Riail 145(1), rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo.

tarchurtha freagrach: ECON
tuairim: ENVI, IMCO, LIBE

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE agus (AE) 2016/97 a mhéid a bhaineann le rialacha cosanta d'infheistíoirí miondíola an Aontais (COM(2023)0279 — C9-0182/2023 — 2023/0167(COD))

tarchurtha freagrach: ECON
tuairim: BUDG, JURI

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (COM(2023)0273 — C9-0187/2023 — 2023/0171(COD))

Rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra seo, i gcomhréir le Rialacha 145(1) agus 146(1).

tarchurtha freagrach: TRAN
tuairim: BUDG, ENVI, PECH, JURI, LIBE

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh (COM(2023)0272 — C9-0188/2023 — 2023/0172(COD))

Rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra seo, i gcomhréir le Rialacha 145(1) agus 146(1).

tarchurtha freagrach: TRAN
tuairim: BUDG, PECH

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 (COM(2023)0269 — C9-0190/2023 — 2023/0163(COD))

Rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra seo, i gcomhréir le Rialacha 145(1) agus 146(1).

tarchurtha freagrach: TRAN
tuairim: BUDG, CONT, ENVI, ITRE, PECH

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (COM(2023)0271 — C9-0191/2023 — 2023/0165(COD))

Rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra seo, i gcomhréir le Rialacha 145(1) agus 146(1).

tarchurtha freagrach: TRAN
tuairim: BUDG, EMPL, ENVI, PECH

